


**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Cigireacht Ábhair ar Eacnamaíocht Bhaile  
TUAIRISC**

**Coláiste Chomáin  
Ros Dumhach, Co. Mhaigh Eo  
Uimhir Rolla: 72140V**

**Dáta na cigireachta: 17 Meán Fómhair 2013**



**A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F  
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N  
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S**

**TUAIRISC**  
**AR**  
**CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAIS SAN EACNAMAÍOCHT**  
**BHAILE**

---

**EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT**

<b>Dáta(í) na cigireachta</b>	17 Meán Fómhair 2013
<b>Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu</b> <ul style="list-style-type: none"><li>• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha</li><li>• Plé leis an bPríomhoide agus leis an múinteoir(í)</li><li>• Caidreamh le scoláirí</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith ceithre thréimhse ranga</li><li>• Athbhreithniú ar obair na scoláirí</li><li>• Aiseolas don Phríomhoide agus don múinteoir(í)</li></ul>

**PRÍOMHCINNÍ**

- Bhí caighdeán an teagaisc agus na foghlama ar ardcháilíocht sna ceachtanna uile a breathnaíodh.
- Baineadh dea-úsáid as raon an-mhaith acmhainní, ar a n-áirítear Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), chun cur le feabhas an teagaisc agus na foghlama.
- Bhí an-dea-ghaol idir an múinteoir agus na scoláirí le linn na gceachtanna uile a breathnaíodh.
- Chuaigh na scoláirí i ngleic go lánfhonnmhar leis na gníomhaíochtaí foghlama agus léirigh siad tuiscint mhaith ar an eolas ábhair, de réir a gcumais.
- Déantar monatóireacht agus measúnú an-mhaith ar obair na scoláirí ar bhonn leanúnach.
- Bhí an phleanáil ceachta aonair go han-mhaith agus tá tús dearfach déanta i dtaca le scéimeanna fadtéarmacha oibre.

**PRÍOMH-MHOLTAÍ**

- Ba chóir scéimeanna oibre gearrthéarmacha a fhorbairt ar a n-áirítear sonraí i dtaca le spriocanna foghlama, na modheolaíochtaí comhfhreagracha, acmhainní agus modhanna measúnaithe.
- Ba chóir plan gníomhaíochta a fhorbairt agus a fheidhmiú, plan a dhíreoidh isteach ar thosaíochtaícroílárnacha forbartha a ghnóthachtáil agus a bheidh ag teacht le cur chuige féinmheasúnaithe na scoile.

## RÉAMHRÁ

Gníomhaíonn an scoil Ghaeltachta, chomhoideachais seo faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma. Is í an Ghaeilge gnáth-theanga labhartha na scoile agus déantar obair riaracháin na scoile trí mheán na Gaeilge. Tá dul chun cinn an-mhaith á dhéanamh maidir le scileanna Gaeilge na scoláirí a fhorbairt agus, dá réir sin, cur leis an méid teagaisc a dhéantar trí mheán na Gaeilge sa scoil. Gníomhaíonn an timthriall sóisearach trí mheán na Gaeilge anois agus tá sé beartaithe an soláthar seo a leathnú isteach sa timthriall sinsearach ach na hacmhainní a bheith ar fáil chuige. Is í seo an t-aon scoil amháin a sholáthraíonn oideachas dara leibhéal sa cheantar agus is ar dhaonra tuaithe a fhreastalaíonn sí den chuid is mó. Caoga is a ceathair scoláire atá mar rollachán príomhshrutha sa scoil agus tá ochtar déag scoláirí eile ionrollaithe i gcúrsaí aosacha agus oideachais leanúnaigh. Tá an scoil rannpháirteach sa tionscnamh chun Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS).

## TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí caighdeán an teagaisc agus na foghlama ar ardcháilíocht sna ceachtanna uile a breathnaíodh. Bhain spriocanna soiléire foghlama le gach ceacht agus bhí siad deastruchtúrtha agus ar luas cuí.
- B'éifeachtaí an teagasc agus an fhoghlaim nuair a d'éascaigh éagsúlacht na modheolaíochtaí a úsáideadh dea-chothromaíocht idir teagasc an mhúinteora agus rannpháirtíocht ghníomhach na scoláirí uile ina gcuid foghlama féin.
- Comhtháthaíodh straitéisí ceistithe agus mínithe an-mhaithe go héifeachtach ionas go rachadh scoláirí i ngleic leis na gníomhaíochtaí foghlama, chun tuiscint a mheas agus mar thaca do scoláirí i bhforbairt scileanna machnaimh ardoird.
- Baineadh úsáid éifeachtach as Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) i ngach ceacht a breathnaíodh chun an t-ábhar a chur i láthair agus mar phointe fócais do léiriúcháin an mhúinteora.
- Cuirtear teagasc ranga ar fáil trí mheán na Gaeilge sna ceachtanna timthrialla shóisearaigh. Ba léir, ó ranganna a bhreathnú agus ó phlé le scoláirí, gur thuig siad an múinteoir go soiléir. Tá an tiomantas don Ghaeilge a chur chun cinn ag teacht le polasaí na scoile agus tá iarrachtaí an mhúinteora chun na dúshlán seo a sháru go hinmholta. Moltar don scoil leanúint dá hiarrachtaí chun leibhéal an teagaisc trí mheán na Gaeilge san Eacnamaíocht Bhaile a ardú.
- Ba léir go raibh an-dea-ghaol idir an múinteoir agus scoláirí, rud a chothaigh timpeallacht dhearfach foghlama sa seomra ranga. Bhí na scoláirí an-dea-iompartha agus chabhraigh dearbhchothú a n-iarrachtaí leis an múinteoir chun ionchais agus caighdeán níos uailmhianaí a spreagadh i measc na bhfoghlaimoirí.
- Rinneadh na scoláirí a bhainistiú agus a threorú go maith sna gníomhaíochtaí foghlama uile. Thacaigh laghad na ranganna le tacaíocht aonair ar ardchaighdeán do riachtanais na scoláirí a sholáthar. Ghlac na scoláirí páirt go fonnmhar sna gníomhaíochtaí foghlama.
- Tá tacaíocht mhaith ar fáil do scoláirí le riachtanais bhreise oideachais agus tuiscint mhaith ar a saghsanna deacrachtaí foghlama.
- Féachadh chuige go críochnúil gur forbraíodh scileanna litearthachta agus uimhearthachta na scoláirí.

- Déantar monatóireacht agus measúnú éifeachtach ar dhul chun cinn agus ar inmheacht na scoláirí trí raon de mhodhanna measúnaithe. Tá sé mar bharrmhian ag tromlach na scoláirí tabhairt faoin bpáipéar Ardleibhéil sna scrúduithe teastais agus éiríonn go maith leo iontu. Léiríodh an leas a ghabhann le measúnú leanúnach ach tá tuilleadh scóipe fós ann chun gnéithe éagsúla an Eacnamaíocht Bhaile a áireamh sna measúnuithe míosúla seo.
- Leagadh síos caighdeáin arda maidir le hobair bhaile a dháileadh agus monatóireacht a dhéanamh uirthi. Ar an iomlán, léirigh scoláirí leibhéil an-mhaithe eolais agus tuisceana, de réir a gcumais. Breathnaíodh roinnt cleachtas a bhí go han-mhaith i dtaca le haiseolas múnlaiteach a sholáthar do scoláirí.

### **SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE**

- Tairgtear gearrclár samplach in ábhair roghnacha do scoláirí nua na Chéad Bhliana. Tá an clár Idirbhliana roghnach sa scoil seo agus tugann scoláirí faoi mhodúl leathbhliana Cócaireachta lena linn.
- Faoi láthair, is iad na scoláirí baineannacha is mó a roghnaíonn Eacnamaíocht Bhaile mar ábhar agus tá a líon ar aon dul le noirm náisiúnta. Glacann an scoil leis gur fadhb í an éagothroime inscne seo sa roghnúchán agus leanfar ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh uirthi i gcomhar leis na comhpháirtithe ábhartha. Cé go n-aithnítear go bhfuil sriantacht i bhfeidhm maidir le roghnúchán ábhar, ba cheart don scoil leanacht de thacaíocht a thabhairt do scoláirí i dtaca le hábhair neamhthraidisiúnta a roghnú, le go gcuirfí cothroime inscne chun cinn.
- Ar an iomlán, tá an soláthar tréimhsí ranga ag teacht le moltaí na siollabas; d'ainneoin seo, múintear scoláirí Bhliain 5 agus Bhliain 6 i suíomh ilranga faoi láthair. Cé go mbaintear úsáid as raon inmholta de mhodhanna teagaisc chun foghlaim éifeachtach a chinntiú, ba chóir an socrú seo a choinneáil faoi athbhreithniú agus a leasú, más féidir, faoi réir ag sriantacht na n-acmhainní atá ar fáil.
- Téann an dea-leibhéal soláthar acmhainní agus tacaíocht scoile uile chun tairbhe don Eacnamaíocht Bhaile. Tá seomra speisialtachta nuachóirithe ar fáil sa scoil agus gníomhaíonn sé seo mar chistin agus mar sheomra teicstílí. Tá an-dea-bhail ar an áis seo agus acmhainní breátha ann. Tá an bhainistíocht tiomanta do acmhainní a choinneáil chun dáta agus don fhearas le haghaidh staidéar bia agus teicstíle a sheirbhísiú.
- Tá tiomantas an-láidir don fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) san Eacnamaíocht Bhaile. Tá sé de nós le fada gnéithe éagsúla an ábhair a mharcáil sna scrúduithe teastais trí mheán na Gaeilge. Tá sé seo go hinmholta toisc go gcuireann sé deiseanna ar fáil chun leithne an tsaineolais ghairmiúil a fhairsingiú agus taithí foghlama na scoláirí a fhorbairt dá réir. Éascaíonn agus tacaíonn an bhainistíocht go diongbháilte leis an tiomantas seo don FGL.

### **PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN**

- Tá an-dul chun cinn déanta i dtaca le doiciméadú pleanáil ábhair a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. De bhreis ar seo, tá scéimeanna fadtréimhseacha oibre leagtha amach do gach bhliainghrúpa, agus amfhrámaí do sheachadadh toipicí san áireamh iontu. Moltar scéimeanna gearrthréimhseacha oibre níos mionsonraithe a fhorbairt, a chuireadh cuntais ar na spriocanna foghlama atá le baint amach, na modheolaíochtaí

comhfhreagracha, na hacmhainní agus na modhanna measúnaithe. Ba chóir go n-úsáidfí iad seo mar dhoiciméid oibre. Ba ghá mír athbhreithnithe a bheith iontu chun tacú le féinmheasúnú.

- Mar thacaíocht do mheasúnuithe leanúnacha sa scoil, ba cheart plean scríofa a fhorbairt don ghearrchlár samplach sa chéad bhliain.
- Bhí fianaise le feiceáil ar phleanáil agus ullmhúchán aonair an-mhaith. Tá raon maith áiseanna teagasc trí mheán na Gaeilge, ábhair acmhainne agus nótaí ranga forbartha sa scoil. Clúdaíonn siad seo réimse toipicí siollabais atá curtha in oiriúint go héifeachtach chun tacú le bliainghrúpaí sonracha.
- Chun féinmheasúnú a fhorbairt a thuilleadh, moltar go dtabharfaí faoi anailís LDDB (na láidreachtaí, na dúshláin, na deiseanna agus na bagairtí) a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla an tsoláthair Eacnamaíocht Bhaile sa scoil. Dá thoradh seo, ba chóir go sainaitheofaí na láidreachtaí, na dúshláin, na deiseanna agus na bagairtí a bhaineann le teagasc an ábhair sa scoil, mar a shíltear. Ach na tosaíochtaí forbartha a bheith sainaitheanta ón anailís LLDB, ba chóir bainistíocht na scoile a chur ar an eolas maidir leo. Ba cheart ansin pleananna gníomhaíochta a leagadh amach trína n-aimseofaí na tosaíochtaí aitheanta. Ba ghá go mbeadh amfhrámaí feidhmiúcháin cuimsithe sna pleananna maille le táscairí feidhmíochta trína ndéanfaí athbhreithniú ar an dul chun cinn.

---

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinní agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bPríomhoide agus leis an múinteoir ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.